Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Samhain 2024
(OR. en)

15794/1/24
REV 1
OJ CRP1 40

**CLÁR OIBRE SEALADACH**

COISTE NA mBUANIONADAITHE (Cuid 1)

Áras Europa, an Bhruiséil

20 agus 22 Samhain 2024 (9.30, 10.00)

**LEAGAN ATHBHREITHNITHE UIMH. 1 DEN CHLÁR OIBRE SEALADACH**

**Formáid 2+2**

1. Glacadh an chláir oibre
Formheas na míreanna 'I' san Iarscríbhinn

**DÉ CÉADAOIN, AN 20 SAMHAIN 2024 (9:30)**

**Míreanna plé (II)**

**Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh**

2. Cruinniú den Chomhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh), an 5 agus an 6 Nollaig 2024: ullmhúchán

   1. Conclúidí maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil — 15528/24
      *Formheas*

   2. Conclúidí maidir leis an bpáipéar bán 'Conas is féidir máistreacht a fháil ar riachtanais na hEorpa maidir le bonneagar digiteach?' — 15472/24
      *Formheas*

   3. Cuspóirí agus spriocanna na Deacáide Digití 2030 i bhfianaise na n-athruithe teicneolaíochta a tharla le déanaí — 15476/24
      *Díospóireacht bheartais*

**Iomaíochas**

3. Cruinniú den Chomhairle (Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás)) an 28 agus an 29 Samhain 2024: ullmhúchán

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Conclúidí maidir le hiomaíochas an Aontais a neartú, an Limistéar Eorpach Taighde a threisiú agus ilroinnt an limistéir sin a shárú<br>*Formheas* | 15553/24 |
| 2. | Conclúidí maidir le tionscnamh T&F uile-Eorpach, a d'fhéadfadh a bheith ann, maidir le bainistíocht inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha, slándáil na gcóras bia agus imscaradh an bhithgheilleagair a chur chun cinn, leas a bhaint as acmhainneacht Lár agus Oirthear na hEorpa<br>*Formheas* | 15304/24 |
| 3. | Conclúidí maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hÁbhair Shárfhorbartha<br>*Formheas* | 15398/24 |
| 4. | An méid a chuir taighde agus nuálaíocht le hiomaíochas an Aontais Eorpaigh: obair leantach ar mholtaí na Tuarascála maidir le 'todhchaí iomaíochas na hEorpa'<br>*Díospóireacht bheartais* | 15518/24 |
| 5. | Conclúidí maidir leis an meastóireacht eatramhach ar chlár spáis an Aontais Eorpaigh<br>*Formheas* | 15017/24 |
| 6. | Conclúidí maidir le hinniúlachtaí Eorpacha in earnáil an spáis a threisiú<br>*Formheas* | 15018/24 |
| 7. | Todhchaí bheartas spáis an Aontais<br>*Seisiún tuairimíochta* | 15020/24 |

**Talmhaíocht agus Iascach**

4. Cruinniú den Chomhairle (Talmhaíocht agus Iascach), an 9 agus an 10 Nollaig 2024: clár oibre (Le haghaidh na míreanna atá faoi shainchúram Choiste na mBuanionadaithe)

**An Comhshaol**

5. Rialachán lena leasaítear Rialachán 2023/1115 a mhéid a bhaineann le forálacha a bhaineann leis an dáta cur i bhfeidhm
*Sainordú don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa*
❶C 15739/24

**Oideachas, an Óige, Cultúr agus Spórt**

6. Cruinniú den Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt), an 25 agus an 26 Samhain 2024: ullmhúchán

**Aon ghnó eile**

**DÉ hAOINE, AN 22 SAMHAIN 2024 (10:00)**

## Míreanna plé (II)

### Iomaíochas

3. (ar leanúint) Cruinniú den Chomhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás) an 28 agus an 29 Samhain 2024: ullmhúchán

    8. Conclúidí maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa — 15516/24
    *Formheas*

    9. Rialáil níos fearr san Eoraip — 15630/24
    *Seisiún tuairimíochta*

### An Margadh Inmheánach agus an Tionsclaíocht

11. Rialachán Tarmligthe (AE) …/... ón gCoimisiún an 27.8.2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le rochtain ar an gCóras Mear-Rabhaidh Safety Gate agus oibriú an Chórais sin, faisnéis atá le hiontráil sa Chóras sin, na ceanglais maidir le fógra a thabhairt agus na critéir chun an leibhéal riosca a mheasúnú — 15604/24; 12923/24 + ADD 1
*Breithniú a dhéanamh ar aon agóid a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe*

### Iompar

8. Rialachán maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 — ❶C
*Cuntas ón Uachtaránacht maidir le toradh an chruinnithe thríthaobhaigh*

9. Rialachán maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, lena leasaítear Treoir 2012/34/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 — ❶C
*Cuntas ón Uachtaránacht maidir le toradh an chruinnithe thríthaobhaigh*

### Fostaíocht agus Beartas Sóisialta

10. Rialachán maidir le staidreamh mhargadh saothair an Aontais Eorpaigh i dtaca le gnólachtaí — ❶C
*Cuntas ón Uachtaránacht maidir le toradh an chruinnithe thríthaobhaigh*

**An Comhshaol**

**Mír nua**

73. Rialachán lena leasaítear Rialachán 2023/1115 a mhéid a bhaineann le forálacha a bhaineann leis an dáta cur i bhfeidhm ⓿C
*Cuntas ón Uachtaránacht maidir le toradh an chruinnithe thríthaobhaigh*

**Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí**

7. Cruinniú den Chomhairle (Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí) an 2 agus an 3 Nollaig 2024: ullmhúchán

   2. Conclúidí maidir le feabhas a chur ar sheirbhísí cumasúcháin agus fostaíochta chun cuimsiú sóisialta daoine atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear na Romaigh, a chur chun cinn trí neamhionannais chríochacha a laghdú — 15560/24
   *Formheas*

   5. Conclúidí maidir le cuimsiú sóisialta daoine faoi mhíchumas a chothú trí fhostaíocht, freastal réasúnta agus athshlánú — 15547/24
   *Formheas*

   1. Conclúidí maidir le cothromaíocht oibre is saoil agus comhionannas inscne a áirithiú do gach glúin i gcomhthéacs na ndúshlán déimeagrafach — 15104/24
   *Formheas*

   6. Seimeastar Eorpach 2025: tosaíochtaí i réimse na fostaíochta agus an bheartais shóisialta — 15562/24 + COR 1
   *Díospóireacht bheartais*

      a) Measúnú ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta arna chur chun feidhme ar bhonn píolótach i dtimthriall Sheimeastar Eorpach 2024 — 15563/24
      *Cur i láthair ó Chathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta*

      b) Athbhreithniú an Choiste Fostaíochta ar chur chun feidhme an Mholta maidir le cuntais foghlama phearsanta: na príomhtheachtaireachtaí — 15564/24
      *Formhuiniú*

   3. Moladh ón gComhairle maidir le creat cáilíochta treisithe le haghaidh tréimhsí oiliúna C — 15599/24
   *Tuarascáil ar dhul chun cinn*

| | | | |
|---|---|---|---|
| 4. | Conclúidí maidir le ganntanas lucht saothair agus scileanna san Aontas Eorpach: acmhainneacht lucht saothair neamhshaothraithe a shlógadh san Aontas Eorpach<br>*Formheas* | | 15463/24 |
| 7. | Pacáiste cógaisíochta:<br><br>a) Treoir maidir le cód an Aontais a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine<br><br>b) Rialachán lena leagtar síos nósanna imeachta Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear rialacha lena rialaítear an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach<br>*Tuarascáil ar dhul chun cinn* | ❶C | 14955/24 |
| 8. | Aontas Sláinte na hEorpa i bhfianaise na tuarascála maidir le 'Todhchaí Iomaíochas na hEorpa'<br>*Seisiún tuairimíochta* | | 15278/24 |
| 9. | Conclúidí maidir le deonú orgán agus trasphlandú a fheabhsú<br>*Formheas* | | 14697/24 |

**Aon ghnó eile**

**IARSCRÍBHINN**

**Míreanna gan phlé (I)**

**DÉ CÉADAOIN, AN 20 SAMHAIN 2024**

**Gnóthaí Institiúideacha**

**Ceapacháin**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 13. | Comhalta malartach amháin (DE) ar an gCoiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta<br>*Glacadh* | | 15383/24<br>15382/24<br>SOC |

**Eile**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 72. | Freastal tríú páirtí ar an gcruinniú den Mheitheal um Fhuinneamh, an 26 Samhain 2024<br>*Formheas* | | 15856/24 |

**Gnóthaí Breithiúnacha**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 14. | Nós imeachta tuairime a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais (1/24) – comhaontú maidir le hAeriompar le hÓman<br>*Nóta faisnéise* | | 15485/24<br>JUR |
| 15. | Cás T-487/24, pléadáil neamhdhleathachta, Rialachán AE 2019/942 (Rialachán ACER)<br>*Nóta faisnéise* | | 15512/24<br>JUR |
| 16. | Cás T-488/24, pléadáil neamhdhleathachta, Rialachán AE 2019/942 (Rialachán ACER)<br>*Nóta faisnéise* | | 15521/24<br>JUR |

**Seasaimh ón Aontas le haghaidh caibidlíocht idirnáisiúnta**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 17. | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le linn an 109ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF)<br>*Glacadh* | C | 15543/24<br>15326/24<br>MAR |
| 18. | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh<br>*Comhaontú polaitiúil* | C | 15677/24<br>ENER |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 19. | Cinneadh ón gComhairle lena bhformheastar an seasamh atá le glacadh thar ceann Euratom ag an gComhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh<br>*Comhaontú polaitiúil* | C | 15676/24<br>ENER |

**Iascach**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 20. | *Note Verbale* chuig na Stáit Aontaithe maidir le deimhniú diúltach ó 6 Bhallstát de chuid an Aontais ar Riarachán Náisiúnta an Atmaisféir agus an Aigéin<br>*Formheas* | | 15496/24<br>14944/24<br>PECHE<br>USA |

**An Comhshaol**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 21. | Dearbhú Polaitiúil ó Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac ag an 16ú seisiún dá cuid (COP16)<br>*Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a chaibidil* | | 15258/24<br>DEVGEN |

**DÉ hAOINE, AN 22 SAMHAIN 2024**

**Fuinneamh**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 12. | **Is ó chuid 'II' a aistríodh an mhír**<br>Meabhrán Tuisceana idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hAraibe Sádaí maidir le hAistrithe Fuinnimh agus Comhar i réimse na Teicneolaíochta Glaine<br>*Formheas ionstraime neamhcheangailtí* | | **15882/24**<br>ENER |

---

❶ An chéad léamh

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún